**Gairmscoil na bPiarsach**

**Ros Muc, Co. na Gaillimhe**

**71380n**

Tuairisc féinmheastóireacht

Réimse meastóireacht-Litearthacht an Bhéarla

Treimhse mheastóireacht:Méan fómhair 2015-Meitheamh 2016

Dáta éisiúna na tuairisce: 28/09/15

***Tuairisc Fhéinmheastóireachta Scoile***

**1.Réamhra**

**1.1 Fócas na meastóireachta**

Rinneadh féinmheastóireacht scoile ar theagasc agus ar fhoghlaim i nGairmscoil na bPiarsach ó Eanáir 2014 go Bealtaine 2014. Le linn na meastóireacht, rinneadh meastóireacht ar theagasc agus ar fhoghlaim sna hábhair go léir agus díríodh ar scolairí i mbliain 1 ar dtús agus ansin déanadh roinnt anailís ar scoláirí sa chuid eile den sraith shóisearach agus sa sraith shinsearach. I rith an phróiseas, roghnaíodh Litearthacht na Gaeilge mar fhócas na meastóireachta le scoláirí an chéad agus an dara bliain le linn an scoilbhliain 2014/15.

Ag deireadh an scoilbhliain sin, ardaíodh na poinntí seo a leanas:

1. Le linn an chigireacht uile scoile i rith mí an Bhealtaine 2015, d'ardaigh na cigirí gur chóir srianú a dhéanamh ar líon na spriocanna a bhí an scoil ag iarraidh a chur i bhfeidhm ó thaobh an Phléan seo agus an Phléan DEIS.
2. Maidir le anailís torthaí scruduithe stáit, go ndéanfaí níos mó anailís ar thorthaí scoláirí an teastas shóisearaigh. Tugadh faoi deara go bhfuil líon scoláirí ag roghnú gnáthleibhéal in ionad ardleibhéal i roinnt ábhair.
3. Ní raibh a dotháin béim a chur ar obair bhaile ins na dialanna.
4. Dea-chleachtais an tógra forbairt(bileog na seicéala) a chur i bhfeidhm ins na blianta scoile ar fad.
5. Ardaíodh le linn an tógra forbairt de bharr méid na scoile nach raibh cúrsa meantóireacht riachtanach a fhorbart sa scoil.
6. Láidríodh ar an gceangal idir an Ghairmscoil agus Olllscoil na hÉireann, Gaillimh maidir le cúrsaí scileanna staidéar agus eagrúcháin a fhorbairt.
7. Tugadh dátaí na scruduithe scoile chun cinn sa chaoi go mbeadh deis ag múinteoirí aischothú trathúil a thabhairt do na scoláirí.

Maidir le riachtanais reactúla agus rialachais, faomhadh na polasaithe seo a leanas:

- Polasaí Measúnaithe
- Ráiteas Sláinte agus Sábhailteacht

**Beidh focús na meastóireacht le linn an scoil bhliain 2015/16 ar litearthacht an bhéarla agus direofar isteach ar bhliain 1, 2 agus 3 sa nGairmscoil.** Maidir le spriocanna litearthacht an Ghaeilge a leagadh síos le linn an scoilbhliain 2014/15, roghnofar na spriocanna is éifeachtaí agus leanfar ar aghaidh leo siúd le bliain 1,2 agus 3 sa scoilbhliain 2015/16. I measc siúd:

- Saibhreas na Gaeilge i measc na scoláirí a fhorbairt ar na bealaí seo a leanas:
    1. eochairfhocail a n-usáid go forleathan ins na h-ábhair ar fad
    2. an scrudú béil Gaeilge a dhéanamh don teastas shóisearach
    3. scrudú béil a bheith mar chuid de scruduithe scoile
    4. Duais an Phiarsach- duais bhliantúíl don scoláire is fearr a chuireann an ghaeilge chun cinn sa scoil
    5. Bonús mharc don ghaeilge a chur i bhfeidhm i scrudithe scoile.

- leanacht ar aghaidh le cur chuige na scoile maidir le scileanna eagrúcháin, foghlama agus staidéir a fhorbairt.

**Nóta:** Maidir leis an bPléan DEIS agus scoláirí eile na scoile, leanfar ar aghaidh leis an dea-chleachtais ins na ranganna úd.

**1.2 Comhthéacs na scoile**

Is scoil mheasctha í Gairmscoil na bPiarsach atá páirteach sa scéim DEIS ó 2007.De bharr gur ceantar faoi míbhuntáiste é Rosmuc agus dá réir gur scoil DEIS muid, cuirtear Clár an teastas Shóisearaigh ar fáil chomh maith le bheith mar chuid den eagraíocht Clár Criochniú Scoile. Bunaíodh an scoil sa mbliain 1934 faoi choimirce Coiste Ghairmoideachas Chontae na Gaillimhe. Tá 87 scoláire ag freastal ar an scoil anois. Tá 5 bhunscoil friothálach againn  sa cheantar.

Is í an Ghaeilge príomhtheanga chumarsáide na scoile. Cuirtear an-bhéim ar an nGaeilge mar theanga chaidrimh na foirne, na scolairí agus pobal na scoile. Múintear gach ábhar trí mhéan na Gaeilge(seachas an Bhéarla) agus úsáidtear an Ghaeilge ar gach ócáid scoile laistigh agus lasmuigh den scoil.

Leanann gach scoláire cúrsa trí bliana sa tsraith shóisearach agus dhá bhliain sa tsraith shinsearach. Cuirtear an-bhéim ar fheasacht chultúir, oidhreachta agus teanga gach scoláire chomh maith le scileanna pearsanta, comhoibríocha agus cur i láthair a fhorbairt i rith na blianta ar scoil.

Glacann scoláirí sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach páirt ghníomhach i réimse leathan imeachtaí scoile: foirne peile, liathróid láimhe oilimpeach, obair charthanachta, ceoldráma bhliantúil na scoile, iris scoile, comórtais áitiúla, seachtain an chairdeas, seachtain na h-aclaíochta, seachtain an Mhata agus seachtain na h-Eolaíochta.

Rinne an Chigireacht cur i láthair ar an bhFéinmheastóireacht Scoile i mí na Nollag 2012, pléadh an próiseas Féinmheastóireacht Scoile ag cruinniú foirne i mí Eanáir 2013 agus tugadh cuireadh do na múinteoirí meitheal oibre a chur le chéile. Tháinig an mheitheal oibre le chéile (Príomhoide, Gairmtreoraí, Comhordaitheoir Cláir agus múinteoir teagmhalaí baile) agus tógadh cinneadh ceistneoirí féinmheastóireachta scoile a dháileadh ar scoláirí bhliain 1 2013/14.Déanadh anailís ar an t-eolas seo a leanas:

1. torthaí tastálacha litearthacht agus Uimhríoch(WRAT agus GRT) scoláirí bliain 1 2013/14
2. torthaí na dtástálacha caighdéanacha óna bunscoileanna
3. torthaí Triail Dhroim Chonrach don léitheoireacht Ghaeilge bliain 2 2013/14
4. torthaí scruduíthe scoile 2013/14
5. torthaí scrúduithe stáit le trí bliana anuas
6. suirbhé le scoláirí an chéad bhliain 2013/14 agus a gcuid tuismitheoirí
7. suirbhé ar mhúinteoirí na scoile agus anailís SCOT

Ba í aidhm na h-anailíse seo ná fios a fháil ar láidreachtaí an scoile maraon le aghaidh a thabhairt ar laigeachtaí na Gairmscoile.

Cuireadh torthaí na gceistneoirí agus na scrúduithe faoi bhráid na múinteoirí ag cruinniú foirne i mí an Bhealtaine 2014 agus tugadh deis do na múinteoirí  na torthaí a phlé mar fhoireann. Chuaigh na

múinteoirí i mbun oibre ar na torthaí éagsúla, breathnaíodh ar an critéir mheastóireachta sna Treoirlínte FMS agus bhí plé oscailte ina dhiaidh sin ar na tátail faoi na trí théama:Torthaí Foghlama, Eispéiris Foghlama agus Cleachtas Múinteoirí. Mar chuid den phlé seo , rinne an fhoireann cinneadh díriú ar scileanna Litearthacht mar chéad chéim den phróiseas féinmheastóireachta.

## 2. Na tátáil

**Seo a leanas cáilíocht an chleachtas maidir leis na trí fhóthéamaí meastóireachta:**

***Torthaí foghlama:***

- Rinne gach rannóg ábhar anailís ar scrúduithe an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta agus chonacthas gur éirigh go maith lenár scoláirí go h-airíthe i scrudú na hArdteiste. Táimid ós cionn an mhéain náisiúnta i ngach ábhar maidir le torthaí agus go maith ós cionn an mhéan naisiúnta i roinnt ábhair san Ardteistiméireachta. Tá an scoil ar an iomlán sásta leis an líon scoláirí a roghnaíonn an paipéar ardleibhéal ag an Ardteist. Coimeádtear tuairisc den anailís seo sna pléananna ábhar agus déanfar anailís inmhéanach ó bhliain go bliain ar ghnóthachtáil na scoláirí inár scoil agus ar na leibhéil a roghnaítear mar chuid den athbhreithniú rialta ar an bPléan DEIS.
- Déanadh anailís chomh maith ar thorthaí na scoláirí ins na scruduíthe scoile a bhíonn acu go foirméalta ceithre uair sa bhliain. Cé go mbíonn tairbhe lena scruduíthe, tugadh faoi deara de bharr amchlárú na scruduithe go mbíonn an t-aischothú a thugar don scoláire go minic i dtaobh torthaí na scrudaíthe fágtha rófhada.
- Bailíodh torthaí na dtástalacha caighdéanacha óna bunscoileanna agus in éineacht lenár dtaistéalacha(WRAT agus GRT) féin a dhéantar le scoláirí bliain 1 ar Mhata, litriú agus leitheoireacht,tugtar eolas riachtanach do fhoireann na scoile agus go h-airíthe don fhoireann tacaíocht foghlamtha faoi laigeachtaí ghasúir ar leith. Déantar i nGairmscoil na bPiarsach na tástalacha céanna seo leis na scoláirí ag deireadh bliain 1, deireadh bliain 2 agus deireadh bliain 3. Is í an Gairmtreoraí a dhéanann na tastálacha agus cuirtear aiseolas ina thaobh ar fáil don rannóg tacaíocht foghlamtha agus do mhúinteoirí Chláir an Teastas Shóisearaigh.
- Ghlac an scoil páirt sa scoilbhliain 2013/14 sa Triail Phíolótach do Thriail Ghaeilge Dhroim Chonrach do dhaltaí sa dara bliain.Déanadh anailís ar fhoclóir agus ar thuiscint sa nGaeilge.Chonacathas as an scór scoláire atá sa rang gur ghnóthaigh leath acu ós cionn 50% ar thuiscint agus ar fhóclóir.
- Tugadh ceistneoir do mhúinteoirí, scoláirí agus tuismitheoirí bliain 1.Dúirt 100% de na tuismitheoirí gur aontaigh siad nó gur aontaigh siad go láidir go raibh ag éirí go maith lena ngasúr ar scoil.

***Eispéiris Foghlama:***

- Dúirt 88% de na scoláirí gur chabhraigh nótaí scríofa an mhúinteora lena bhfoghlaim.
- Dúirt 88% de na scoláirí gur chabhraigh  obair phraictiúil leo agus iad ag foghlaim.
- Ní raibh an ceatadán chomh ard i measc scoláirí i leith tairbhe obair ghrúpa.
- Luaigh 55% easpa ama mar dheacracht agus iad ag breacadh síos nótaí.
- Leiríodh deacracht i measc scoláirí chomh maith agus iad ag breacadh síos nótaí agus an múinteoir ag caint ag an am céanna.
- Chuir leath de na scoláirí a thóg an suirbhé in iúl nár thaitin leitheoireacht i nGaeilge leo.
- Bhain 83% tairbhe agus sult as a bheith ag léamh i mbéarla.
- Léirigh 76% de na tuismitheoirí go raibh siad sásta leis an méid obair bhaile a fhaigheann a páiste.

***Cleachtais múinteoirí:***

- Léirigh 88% de na scoláirí gur mhaith leo éagsúlacht modhanna múinteoireacht a fheicéal.
- Dar leis na múinteoirí is cabhair mhór í an teicneolaíocht mar achmhainn theagaisc agus foghlamtha sa rang. Léirigh roinnt de na múinteoirí chomh maith an tábhacht mar áis foghlamtha 'youtube' a bheith ar fáil ar scoil.
- Léirigh 84% de na tuismitheoirí go raibh caighdéan ard múinteoireacht sa scoil.
- Chuir na múinteoirí in iúl an tábhacht dar leo atá le nótaí scríofa, a bheith ag usáid íomhanna sa rang, obair bhaile rialta agus deis a thabhairt do scoláirí ceisteanna a chur.
- I measc na níthe a chuireann isteach ar mhúineadh sa rang, tá mí-eagar na scoláirí agus easpa obair bhaile.
- Cuireadh in iúl gur mhaith le múinteoirí go mbainfí níos mó usáid as an leabharlann.
- Ba mhaith le múinteoirí níos mó deiseanna i gcóir cruinnithe rannóg.
- Luadh i bhfreagraí na múinteoirí gur chóir laghdú ar an méid páipéarachais ionas go féidir le múinteoirí níos mó am a chaitheamh ag diriú isteach ar na scoláirí agus forbairt a dhéanamah ar modhanna teasgaisc.

**3. Dul chun cinn a rinneadh ar spriocanna feabhsúcháin litearthachta a aithníodh roimhe seo:**

Mar chuid de phléan DEIS na scoile, tá roinnt spriocanna feabhsúchain litearthachta curtha i bhfeidhm ag an scoil agus bunaithe ar an anailís a déanadh tá éifeacht dearfach ag an gcur chuige seo ar dhul chun litearthacht scoláirí na scoile seo. I measc na mbeartais siúd, tá:

- Am curtha go leataobh do scoláirí chun dul chuig an leabharlann.
- 'Reading challenge'.
- Postaeir agus leabhair eochairfhocail a n-úsáid sna ranganna.
- 'Drop everything and read' ceithre uaire sa bhliain
- Ranganna tacaíocht foghlamtha bliain 1-5
- Ranganna breise i  ndiaidh na scoile

**4. Achoimre ar thátail na féinmheastóireachta scoile**

**4.1 Tá laidreachtaí ag ár scoil sna hachair seo a leanas:**

- tá formhór na scoláirí inár scoil ag gnóthú torthaí os cionn an mheáin naisiúnta sna scrúduithe stáit agus sna tástalacha caighdéanacha a reáchtáladh.I bhfórmhór na n-ábhair, tá na scoláirí ag déanamh na leibhéil is feiliúnaí dhóibh sna scrúduithe stáit.
- tá cur chuige láidir foirne againn maidir le comhoibriú sna rannóga ábhar agus i malartú dea-chleachtais.
- tá tuiscint mhaith ag an bhfoireann teagaisc agus meon dearfach acu i leith na féinmheasóireachta scoile agus i leith scileanna litearthachta na scoláirí a chur chun cinn.
- tá tacaíocht láidir againn ó na tuismitheoirí. Léirigh 84% de na tuismitheoirí go raibh caighdéan ard múinteoireacht sa scoil agus d'aontaigh 100% acu go raibh ag éirí go maith lena páistí sa scoil.
- tá scoláirí gníomhach dearfacha againn inár scoil a ghlacann páirt i réimse leathan imeachtaí agus go ginearalta a thapaíonn deiseanna a chabhraíonn leis an bhforbairt phearsanta, intleachtúil agus shóisialta.

4.2 Tá na hachair seo a leanas ina **<u>dtosaíochtaí feabhsúcháin ó thaobh litearathacht an bhéarla don scoilbhliain 2015/16:</u>**

1. Ó thaobh an tastáil GRT agus WRAT don Bhéarla, tugfar tús áite do na nithe seo a leanas:

   a. Ní bheidh éinne i mbliain 3 den teastas shóisearach faoi aois leitheoireacht 11.*
   b. I mbliain 3 den teastas shóisearach, beidh 75 faoin gcéad ar a laghad den rang ag aois leitheoireacht i bhfoisceacht dhá bhliain dá aois.
   c.I mbliain 3 den teastas shóisearach, ní bheidh éinne den rang faoi stenine 5 don litriú.*

   **Nóta:** *Ach i gcásanna éiseachtúla
   **Nóta:** Usáidtear gníomhaíochta éagsúla mar atá léiríthe sa Phléan DEIS 2014-17 chun é seo a chur i bhfeidhm.

- Líon na scoláirí a thugann faoi chúrsaí ardleibhéil TS agus AT i roinnt ábhair a mhéadú ionas go bhfuilimid os cionn an mhéain náisiúnta ó thaobh leibhéil de i ngach ábhar.
- cur chuige scoile uile maidir le h-obair bhaile,monatóireacht ar obair bhaile agus spriocdhátaí oibre/tionscaimh a chur chun cinn.
- Modhanna difriúla teagaisc a chur chun cinn sa rang go h-airíthe ar an bhfoghlaim chomhoibritheach,

4.3 Ní mór aghaidh a thabhairt ar na riachtanais reactúla agus rialachais seo a leanas:

- Forbairt an Phlean scoile
- Plean treorach scoile uile